



“Seicliosta” maidir le Taisceadh Iarratas Pleanála i ndáil le Cead/Cead Sracléaraíde/Cead Coinneála/Cead chun Leanúint d’Úsáid/Cead de dhroim Cead Sracléaraíde a Dheonú

NÍ CHEADAÍTEAR AN SEICLIOSTA SEO A ATÁIRGEADH GAN TOILIÚ AN ÚDARÁIS PLEANÁLA, COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL, A FHÁIL.

Tá an seicliosta thíos ann chun cabhrú le daoine le linn iarratas pleanála a dhéanamh. Chun soiléiriú a fháil faoi aon mhionsonraí ar leith, iarrtar ort tagairt a dhéanamh don Airteagal iomchuí de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú) agus de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú).

Le go mbeidh iarratas bailí, ní mór fógra nuachtáin, fógra láithreáin, sé chóip de gach ceann de na léarscáileanna, de na pleananna, de na líníochtaí, de na hingearchlónna, de na teascáin agus de na mionsonraí eile (10 gcóip díobh má tá EIS nó AA i gceist), foirm iarratais chomhlánaithe nó litir agus an táille phleanála cheart. D’fhéadfadh sé go n-iarrfar tuilleadh cóipeanna, más cuí sin. I gcás nach gcomhlíontar na ceanglais chuí, beidh an t-iarratas pleanála neamhbhailí.

N.B. Ní cuid de na Rialacháin an seicliosta seo ná ní ceart a mheas gur léiriú dlíthiúil é. Moltar duit na Rialacháin thuasluaite maidir le Pleanáil agus Forbairt a léamh.

NÓTA: Maidir le hiarratais a bhaineann le tailte Aerfort Bhaile Átha Cliath, moltar don iarratasóir dul i gcomhairle leis an bPleanálaí Ceantair sula dtíolactar an t-iarratas chun scálaí líníochtaí agus suíomh an fhógra láithreáin a phlé.

Fógra Nuachtáin

Airteagal	Ní mór an t-iarratas pleanála a thaisceadh “laistigh” de 2 sheachtain ón dáta foilsithe i nuachtán.
17,1,a 17,2	Más lá den deireadh seachtaine, Lá Saoire Poiblí nó aon lá eile a mbíonn oifigí an údaráis pleanála dúnta é an lá deireanach den tréimhse 2 sheachtain dá dtagraítear thuas, beidh an t-iarratas bailí má fhaightear é an chéad lá eile ina dhiaidh sin a bheidh na hoifigí ar oscailt
18,2	Ní mór an nuachtán a roghnú as an liosta ceadaithe (féach an láithreán gréasáin)
Ar cuireadh an fhaisnéis seo a leanas isteach san fhógra nuachtáin?	
18,1	An bhfuil na focail ‘Comhairle Contae Fhine Gall’ ann mar cheannteideal san fhógrán?

18.1,a	Ainm an Iarratasóra
18,1,b	Suíomh/baile fearainn/seoladh poist an láithreáin de réir mar is cuí
18,1,c	Go mbaineann an t-iarratas le Cead/Cead Sracléaráide/Cead Coinneála/Cead chun Leanúint d'Úsáid/Cead de dhroim cead sracléaráide a dheonú agus an uimh. thagartha iomchuí luaite ann
18,1,d	<u>Tuairisc ghearr</u> ar chineál agus ar mhéid na forbartha
18,1,d,i	An líon teaghaisí atá le soláthar
18,1,d,ii	Má bhaineann an t-iarratas le Cead Coinneála, cineál na húsáide i gcás an déanamhais atá le coinneáil agus, más iomchuí, an fad ama a bheartaítear í a choinneáil.
18,1,d,ii i	Léiriú ar na hoibreacha atá le déanamh ar Dhéanamhas Cosanta
18,1,d,iv	Léiriú i dtaobh an mbeidh IPC nó ceadúnas dramhaíola ag teastáil i ndáil leis an iarratas
18,1,d,v	Léiriú i dtaobh an bhfuil an suíomh lena mbaineann an t-iarratas suite laistigh de Chrios Forbartha Straitéisí
18,1,e	Ní mór an ráiteas seo a leanas a chur isteach san fhógra nuachtáin freisin:- Féadfar an t-iarratas pleanála a iniúchadh nó a cheannach ar tháille <u>nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh</u> , in oifigí an údaráis pleanála <u>le linn uaire oscailte</u> agus féadfar aighneacht nó tuairim a thabhairt don údarás i scríbhinn, ach an táille fhorordaithe (20 Euro) a íoc, laistigh den tréimhse 5 seachtaine dar tús an dáta a bhfaigheann an t-údarás an t-iarratas seo
98,a (Rialacháin 2001)	Léiriú á rá gur tfolacadh EIS, más gá sin faoi A. 176 den Acht
98,b (Rialacháin 2001)	Ráiteas á rá go bhfuil an EIS ar fáil lena iniúchadh nó lena cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh, le linn uaire oscailte san Údarás Pleanála
22.2,a	An bhfuil an leathanach den nuachtán ann (ní gá ach ceann amháin a chur ar fáil)?

Fógra Láithreáin

Nótaí:

Tá foirm chaighdeánach shamplach ar féidir í a úsáid ar fáil ar an láithreán gréasáin Féach Foirm 1 den 3ú sceideal de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Uimh. 3) 2011 chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi ábhar an fhógra láithreáin

Faoi Airteagal 17.3, níl Fógra Láithreáin ag teastáil i gcás iarratas ar fhorbairt arb éard í tógáil/cur in airde línte tarchurtha nó dáilte leictreachais nó teileachumarsáide

Airteagal	Ar cuireadh an fógra láithreáin in airde tráth nach luaithe ná dhá sheachtain roimh dháta déanta an iarratais
17.1,b	
19.1,a	An bhfuil an fógra san fhoirm is gá – féach Foirm 1 den 3 ^ú Sceideal de Rialacháin 2006 (arna leasú le Cuid 21, Airteagal 27, Foirm 1, de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Uimh. 3) 2011) (nó bain úsáid as an bhfoirm chaighdeánach shamplach ar an láithreán gréasáin)
Ar cuireadh an fhaisnéis seo a leanas isteach san fhógra láithreáin de réir Sceideal 3, foirm 1, mar atá leasaithe le Cuid 21, Airteagal 27, Foirm 1, de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Uimh. 3) 2011?	
Sc. 3, foirm 1(1)	An bhfuil na focail ‘Comhairle Contae Fhine Gall’ ann mar cheannteideal san fhógra?
Sc. 3, foirm 1(2)	Ainm an iarratasóra
Sc. 3, foirm 1(3)	Cead/Cead Sracléaráide/Coinneála/Cead chun Leanúint d’Usáid Cead de dhroim Cead Sracléaráide, agus an uimh. thagartha iomchuí ann
Sc. 3, foirm 1(4)	Suíomh/baile fearainn/seoladh poist an láithreáin de réir mar is cuí
Sc. 3, foirm 1(5)	Is ceart an aimsir láithreach a úsáid nuair atá Cead Coinneála á lorg
Sc. 3, foirm 1(6)	TUAIRISC <u>GHEARR</u> AR AN bhFORBAIRT Cineál agus méid na forbartha An líon tithe atá le soláthar Má bhaineann an t-iarratas le Cead Coinneála, cineál na húsáide i gcás an déanmhais atá le coinneáil agus, más cuí, an tréimhse a bheartaítear í a choinneáil. Léiriú ar na hoibreacha atá le déanamh ar Dhéanamhas Cosanta/Dhéanamhas Cosanta atá beartaithe Léiriú á rá go ndearnadh EIS nó Ráiteas Tionchair Natura a ullmhú Léiriú i dtaobh an mbeidh IPC nó ceadúnas dramhaíola ag teastáil i ndáil leis an iarratas Léiriú i dtaobh an mbaineann an t-iarratas le forbairt faoi Chuid 11 de na Rialacháin seo (An Treoir maidir le Mórthionóiscí) (Airteagal 133) Ní mór an ráiteas seo a leanas a chur isteach san Fhógra Láithreáin freisin:- Féadfar an t-iarratas pleanála a iniúchadh nó a cheannach in oifigí an údaráis

	pleanála le linn uaire oscailte don phobal. Uaireanta oscailte atá ar fáil anseo: http://www.fingal.ie/ie/pleanailagusfoirgnimh/deaniarratasnoaimsighiarratas/deaniarratas/ . Féadfar aighneacht nó tuairim a thabhairt don údarás i scríbhinn don údarás pleanála, ach an táille fhorordaithe (€20) a íoc, laistigh den tréimhse 5 seachtaine dar tús an dáta a bhfaigheann an t-údarás an t-iarratas. Féadfaidh an t-Údarás Pleanála cead a dheonú faoi réir coinníollacha nó gan choinníollacha, nó féadfaidh sé diúltú cead a dheonú.
Sc. 3, foirm 1(7)	An bhfuil an fógra sínithe agus dátaithe; má shínigh an gníomhaire í, is ceart seoladh an ghníomhaire a chur isteach.
Sc. 3, foirm 1(8)	Ta “An dáta ar cuireadh an fógra láithreáin in airde” le cur isteach ag deireadh an fhógra láithreáin.
	NÓTA: Déanfaidh an t-iarratasóir gach fógra láithreáin a bhaint anuas tar éis fógra a fháil faoi chinneadh an Údaráis Pleanála.
22.2,a	An bhfuil cóip den fhógra láithreáin ann (ní gá ach ceann amháin a chur ar fáil)?
22,2,(b) (iv)	An bhfuil plan ar a dtaispeántar suíomh an fhógra láithreáin ann?
19,3	An leor aon fhógra láithreáin amháin chun daoine den phobal a chur ar an eolas go leordhóthanach?
19,4	An dara hiarratas <u>bailí</u> é seo, arna dhéanamh laistigh de 6 mhí ón dáta taiscthe? Más ea, ní mór an fógra láithreáin a ullmhú ar pháipéar buí. Ní bhaineann sé seo le hiarratais neamhbhailí roimhe seo, ach baineann sé le gach iarratas bailí, lena n-áirítear na cinn sin a tarraingíodh siar.

Iarratas Ginearálta - An Fhoirm Iarratais

(Má tá Foirm Iarratais Chomhairle Contae Fhine Gall (atá ar fáil ar an láithreán gréasáin) á húsáid, iarrtar ort na ranna ar fad a chomhlánú; *seachas sin*, bí cinnte go ndéantar an fhaisnéis go léir a éilítear faoi na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2006 go 2011 a chur isteach i bhfoirm atá go mór i gcosúlacht le foirm uimh. 2 de sceideal 3 arna leasú le Cuid 21, Airteagal 27, Foirm 2, de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Uimh. 3) 2011. Tá an méid seo a leanas, móide roinnt ítimí breise, ann san fhoirm iarratais agus ní mór na nithe sin ar fad a chur san áireamh san fhoirm.

Cuid 21	Foirm 2
Airteagal 27	Ainm an Údaráis Pleanála iomchuí:
	Cead/Cead Sracléaráide/Cead Coinneála/Cead chun Leanúint d’Úsáid/Cead de dhroim Cead Sracléaráide a Dheonú agus an uimh. thagartha iomchuí luaite ann agus dáta Deonaithe an Cheada Sracléaráide, más gá.
	Ainm agus seoladh, uimh. theileafóin agus seoladh ríomhphoist (más ann) an

	iarratasóra
	Ainm agus seoladh, uimh. theileafóin agus seoladh ríomhphoist (más ann) an ghníomhaire
	Seoladh i gcomhair comhfhreagrais
	Más Cuideachta an t-iarratasóir – ní mór ainmneacha na Stiúrthóirí agus seoladh agus uimhir chláraithe na cuideachta a chur ar fáil
	Suíomh/baile fearainn/seoladh poist an láithreáin de réir mar is cuí Leas dlíthiúil an iarratasóra sa láithreán/déanamhas
	Más rud é nach é/í an t-iarratasóir an t-úinéir, ainm agus seoladh an úinéara (beidh gá le litir toilithe ón úinéir)
	Achar an láithreáin (ina heicteáir)
	Ollspás urláir na bhfoirgneamh láithreach ina m ²
	Ollspás urláir na bhfoirgneamh atá beartaithe ina m ² Ollspás urláir na n-oibreacha atá beartaithe ina m ² Ollspás urláir na hoibre atá le coinneáil, ina m ² Ollspás urláir aon oibre scartála ina m ²
	An líon tithe atá le soláthar (más ann)
	Léiriú i dtaobh an mbeidh IPC nó ceadúnas dramhaíola ag teastáil i ndáil leis an iarratas
	Léiriú ar na hoibreacha atá le déanamh ar Dhéanamhas Cosanta
	<p>Mionsonraí faoin modh ina mbeartaítear alt 96 de Chuid V den Acht a chomhlíonadh, lena n-áirítear, mar shampla, mionsonraí den sórt seo a leanas:</p> <p>(i <input type="checkbox"/> mionsonraí faoi cibé cuid nó codanna den talamh arb í nó iad is ábhar don iarratas ar chead nó atá sonraithe i gcomhaontú Chuid V, nó faoi thithe atá suite ar an talamh réamhluaite sin nó in áit eile i limistéir feidhme an údaráis pleanála agus a mbeartaítear iad a aistriú chuig an údarás pleanála, nó mionsonraí faoi thithe atá suite ar an talamh réamhluaite sin nó in áit eile i limistéar feidhme an údaráis pleanála agus a mbeartaítear iad a léasú leis an údarás pleanála, nó mionsonraí faoi aon chumasc de na nithe sin roimhe seo, agus</p> <p>(ii <input type="checkbox"/> mionsonraí faoi na ríomhaireachtaí agus faoin modheolaíocht a úsáideach chun luachanna talún, costais láithreáin, gnáthchostais tógála agus forbartha, agus brabús ó na costais sin, agus costais ghaolmhara eile, amhail sciar cuí d'aon oibreacha comhchoiteanna forbartha atá ag teastáil i ndáil le comhlíonadh fhorálacha Chuid V den Acht, a ríomh.</p>
	An táille chuí (Sceideal 9) (tagann bailíochtú faoi réir íoc na táille cuí)

Tá sé inmholta foirm iarratais Chomhairle Contae Fhine Gall a úsáid (gan ach taobh amháin de leathanaigh a úsáid) chun a chinntiú go dtíolactar an fhaisnéis riachtanach ar fad

Iarratais ar Chead Sracléaráide

Nóta: Ní ghlactar leis seo maidir le hiarratas ar chead coinneála, maidir le hoibreacha ar dhéanamh cosanta nó maidir le forbairt a mbeidh gá le IPC nó ceadúnas dramhaíola ina leith, nó a bhfuil EIS ag teastáil ina leith (Féach Alt 176 den Acht (arna leasú))*.

**(Má mheastar go mbeidh tionchar suntasach ag an iarratas ar an gcomhshaol, d’ainneoin é a bheith faoi bhun na tairsí i leith EIS, is féidir fógra faoi Airteagal 96(2) a eisiúint á chur in iúl don iarratasóir nach féidir iarratas ar chead sracléaráide a dhéanamh agus go mbeidh gá le EIS – nuair a eisiúntar fógra den sórt sin meastar an t-iarratas a bheith tarraingthe siar.*

Ní ghlactar leis seo maidir le hiarratas a bhaineann le forbairt a thagann faoi réim Chuid 11 de na Rialacháin (An Treoir maidir le Mórthionóiscí) (Airteagal 134).

Airteagal	LEÁRSCÁIL DE SHUÍOMH AN LÁITHREÁIN
22.2,b	6 chóip den léarscáil de shuíomh an láithreáin
22.2,b	An leor méid na léarscáile (is dóigh go mbeidh A3 ag teastáil i gcás ceantar tuaithe) agus an bhfuil mionsonraí ann faoi ghnéithe atá ann sa chomharsanacht?
22.2,b	An bhfuil an scála ceart – ar a laghad, 1:1000 do cheantar uirbeacha, 1:2500 do cheantair thuaithe , nó <u>scála atá comhaontaithe</u> leis an Údarás Pleanála?
22.2,b	An bhfuil an teorainn marcáilte i ndath dearg, an bhfuil úinéireacht iomlán na talún marcáilte i ndath gorm agus an bhfuil ceadanna slí marcáilte i ndath buí?
23,1,h	pointe thuaidh ar an léarscáil den suíomh
23,1,g	Má tá an léarscáil bunaithe ar leathán Suirbhéireachta Ordanáis, uimhir leatháin iomchuí na Suirbhéireachta Ordanáis Tabhair an méid seo a leanas do d’aire, le do thoil, de réir mar atá leagtha amach i gCiorclán PD 8/2002 ón Roinn Comhshaoil, arna eisiúint ar an 16 Bealtaine 2002:- Tá sé curtha in iúl ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann go gceanglaítear, i gcomhréir le dlíthe cóipchirt iomchuí, nach ndéanfaidh údaráis pleanála ábhar cóipchirt de chuid Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann agus Rialtas na hÉireann a ghlacadh isteach i dtaifid phoiblí mura rud é gur leagan bunaidh nó cóip de leagan bunaidh é an t-ábhar sin agus é marcáilte go soiléir ar mhodh ina dtaispeántar uimhir cheadúnais cóipchirt.
22,2.B.iv	An bhfuil ionad an fhógra láithreáin ar taispeáint ar an léarscáil?
	PLEAN AN LÁITHREÁIN
23,1,h	pointe thuaidh ar phlean an láithreáin

23.1,a	Déanfar pleananna láithreáin a tharraingt de réir scála nach lú ná 1:500 (nó scála a chomhaontófar roimh ré leis an Údarás Pleanála); déanfar teorainneacha a mharcáil i ndath dearg, agus taispeánfar gach foirgneamh, gach bóthar, gach umar múnlaigh, gach limistéar síothlaithe, gach tobar tollta, gach sraith shuntasach crann agus gach gné eile, ar an talamh nó ar an déanmhas lena mbaineann an t-iarratas, nó tadhlaigh léi nó leis nó ina comharsanacht/chomharsanacht.
23.1,c	An bhfuil leibhéil nó comhrianta (más infheidhme) limistéar an láithreáin agus na déanmhais atá beartaithe ar taispeáint i gcoibhneas le sonra Suirbhéireachta Ordanáis nó le marc airde áitiúil sealadach, cibé acu is mó a oireann?
24	An bhfuil <i>pleananna agus mionsonraí</i> ag gabháil leis an iarratas <i>de réir mar is gá</i> chun cinneadh a dhéanamh i ndáil le suíomh agus leagan amach na forbartha, nó i ndáil le tograí eile maidir leis an bhforbairt, ar ina leith atá cinneadh á lorg,
23.1,e	Má bhaineann an t-iarratas le hatógáil, le hathrú nó le méadú déanmhais, déanfar na hoibreacha atá beartaithe a mharcáil nó a dhathú chun iad a idirdhealú ó ghnéithe atá ann cheana féin.
23,2	Má bhaineann an t-iarratas le láithreán laistigh de Limistéar Caomhantais atá beartaithe nó atá ann cheana féin, an leor an fhaisnéis (grianghraif, pleananna) atá curtha ar fáil chun a thaispeáint conas a dhéanfadh an fhorbairt difear do shainghné an déanmhais?

Iarratais ar Chead

NÓTA: Maidir le hiarratais a bhaineann le tailte Aerfort Bhaile Átha Cliath, moltar don iarratasóir dul i gcomhairle leis an bPleanálaí Ceantair sula dtíolactar an t-iarratas chun scálaí líníochtaí agus suíomh an fhógra láithreáin a phlé.

Airteagal	LEÁRSCÁIL DE SHUÍOMH AN LÁITHREÁIN
22.2,b	6 chóip den léarscáil de shuíomh an láithreáin
22.2,b	An leor méid na léarscáile (is dóigh go mbeidh A3 ag teastáil i gcás ceantar tuaithe) agus an bhfuil mionsonraí ann faoi ghnéithe atá ann sa chomharsanacht?
22.2,b	An bhfuil an scála ceart – ar a laghad, 1:1000 do cheantar uirbeacha, 1:2500 do cheantair thuaithe , nó <u>scála atá comhaontaithe</u> leis an Údarás Pleanála?
22.2,b	An bhfuil an teorainn marcáilte i ndath dearg, an bhfuil úinéireacht iomlán na talún marcáilte i ndath gorm agus an bhfuil ceadanna slí marcáilte i ndath buí?
22,2b,iv	An bhfuil ionad an fhógra láithreáin ar taispeáint ar an léarscáil?
23,1,g	Má tá an léarscáil bunaithe ar leathán Suirbhéireachta Ordanáis, uimhir leatháin iomchuí na Suirbhéireachta Ordanáis Tabhair an méid seo a leanas do d'aire, le do thoil, de réir mar atá leagtha amach i gCiorclán PD 8/2002 ón Roinn Comhshaoil, arna eisiúint ar an 16 Bealtaine 2002:- Tá sé curtha in iúl ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann go

	gceanglaítear, i gcomhréir le dlíthe cóipchirt iomchuí, nach ndéanfaidh údaráis pleanála ábhar cóipchirt de chuid Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann agus Rialtas na hÉireann a ghlacadh isteach i dtaifid phoiblí mura rud é gur leagan bunaidh nó cóip de leagan bunaidh é an t-ábhar sin agus é marcáilte go soiléir ar mhodh ina dtaispeántar uimhir cheadúnais cóipchirt.
23,1,h	pointe thuaidh ar an léarscáil den suíomh
	PLEAN AN LÁITHREÁIN/BLOCPHEAN/PLEAN LEAGAN AMACH AN LÁITHREÁIN
22,3a	6 chóip de phleananna
23,1,h	pointe thuaidh ar phlean an láithreáin
23.1,a	Déanfar pleananna láithreáin a tharraingt de réir scála nach lú ná 1:500 (nó scála a chomhaontófar roimh ré leis an Údarás Pleanála); déanfar teorainneacha a mharcáil i ndath dearg, agus taispeánfar gach foirgneamh, gach bóthar, gach umar múnlaigh, gach limistéar síothlaithe, gach tobar tollta, gach sraith shuntasach crann agus gach gné eile, ar an talamh nó ar an déanmhas lena mbaineann an t-iarratas, nó tadhlaigh léi nó leis nó ina comharsanacht/chomharsanacht.
23.1,c	An bhfuil leibhéil nó comhrianta (más infheidhme) limistéar an láithreáin agus na déanmhais atá beartaithe ar taispeáint i gcoibhneas le sonra Suirbhéireachta Ordanáis nó le marc airde áitiúil sealadach, cibé acu is mó a oireann?
23,1,f	An bhfuil na faid idir an déanmhas agus teorainneacha an láithreáin marcáilte?
	PLEANANNA, LÍNÍOCHTAÍ & INGARCHLÓNNA
22.4,a	6 chóip de na pleananna agus de na léarscáileanna go léir curtha isteach
22.5	Scartáil = Ní gá ach ingearchlónna a thabhairt, mura rud é gur Déanmhas Cosanta atá i gceist
23.1,b	Ní mór gach plean/líníocht a bheith de réir scála nach lú ná 1:200, agus an scála a bheith marcáilte go soiléir ar gach plean/líníocht, mura rud é go gcomhaontaítear a mhalairt leis an Údarás Pleanála roimh thaisceadh (tá garbh-uimhreacha bailí más uimhreacha faoi bhun 200 atá ann).
23.1,d	Sna hingearchlónna a bhaineann le haon déanmhas atá beartaithe, taispeánfar na príomhghnéithe d'aon fhoirgnimh a bheadh tadhlaigh leis an déanmhas atá beartaithe, cibé acu laistigh den láithreán nó sa chomharsanacht, agus taispeánfar iad de réir scála nach lú ná 1:200. I gcás ina gcuimsíonn an fhorbairt atá beartaithe obair ar Dhéanmhas Cosanta/Dhéanmhas Cosanta Beartaithe, déanfar na príomhghnéithe d'aon fhoirgnimh laistigh de chúirtealáiste an déanmhais, ar gnéithe iad a dhéanfadh difear ábhartha don fhorbairt atá beartaithe, a thaispeáint sna hingearchlónna.
23,1,f	Maidir leis na pleananna/líníochtaí, na hingearchlónna agus na teascáin go léir, taispeánfaidh siad na príomhthoisí , i bhfigiúirí, lena n-áirítear airde fhoriomlán aon déanmhas atá beartaithe
23.1,e	Má bhaineann an t-iarratas le hatógáil, le hathrú nó le méadú déanmhais, déanfar

	na hoibreacha atá beartaithe a mharcáil nó a dhathú chun iad a idirdhealú ó ghnéithe atá ann cheana féin.
23,1,i	Maidir le gach líníocht, plean, ingearchló agus teascán, déanfar ainm agus seoladh an duine a d'ullmhaigh iad a thaispeáint iontu.
23,2	Má tá an fhorbairt atá beartaithe suite laistigh de Limistéar Caomhantais atá beartaithe nó atá ann cheana féin, nó laistigh d'oibreacha ar Dhéanmhas Cosanta atá beartaithe nó atá ann cheana féin, is ceart dóthain faisnéise (grianghraif, pleananna) a thíolacadh chun a thaispeáint conas a dhéanfadh an fhorbairt difear do shainghné an déanmhais – lena n-áirítear suirbhéireacht mhionsonraithe ar an riocht ina bhfuil an déanmhas faoi láthair agus suirbhéireacht ar thionchar na n-oibreacha atá beartaithe (féach an leathán ar leithligh).
	ILGHNÉITHEACH
22.2,d	Sceideal ina liostaítear na líníochtaí go léir
22.3,a	An bhfuil aon sonraí eile ag teastáil?

Iarratais ar Athrú Úsáide

Airteagal	
22.2,b	6 chóip den léarscáil de shuíomh an láithreáin
22.2,b	An leor méid na léarscáile (is dóigh go mbeidh A3 ag teastáil i gcás ceantar tuaithe) agus an bhfuil mionsonraí ann faoi ghnéithe atá ann sa chomharsanacht?
22.2,b	An bhfuil an scála ceart – ar a laghad, 1:1000 do cheantar uirbeacha, 1:2500 do cheantair thuaithe , nó <u>scála atá comhaontaithe</u> leis an Údarás Pleanála?
22.2,b	An bhfuil an teorainn marcáilte i ndath dearg, an bhfuil úinéireacht iomlán na talún marcáilte i ndath gorm agus an bhfuil ceadanna slí marcáilte i ndath buí?
23,1,h	Pointe thuaidh ar gach léarscáil, seachas ingearchlónna agus teascáin
22.2,b	6 chóip de Phlean Láithreáin (agus suíomh an fhógra láithreáin marcáilte air)
23,1,g	Má tá an léarscáil bunaithe ar leathán Suirbhéireachta Ordanáis, uimhir leatháin iomchuí na Suirbhéireachta Ordanáis Tabhair an méid seo a leanas do d'aire, le do thoil, de réir mar atá leagtha amach i gCiorclán PD 8/2002 ón Roinn Comhshaoil, arna eisiúint ar an 16 Bealtaine 2002:- Tá sé curtha in iúl ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann go gceanglaítear, i gcomhréir le dlíthe cóipchirt iomchuí, nach ndéanfaidh údaráis pleanála ábhar cóipchirt de chuid Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann agus Rialtas na hÉireann a ghlacadh isteach i dtaifid phoiblí mura rud é gur leagan bunaidh nó cóip de leagan bunaidh é an t-ábhar sin agus é marcáilte go soiléir ar mhodh ina dtaispeántar uimhir cheadúnais cóipchirt.
23,1,h	pointe thuaidh ar gach léarscáil suímh, seachas ingearchlónna agus teascáin.0

23.1,a	Déanfar teorainneacha a mharcáil i ndath dearg, agus taispeánfar gach foirgneamh, gach bóthar, gach umar múnlaigh, gach limistéar síothlaithe, gach tobar tollta, gach sraith shuntasach crann agus gach gné eile, ar an talamh nó ar an déanmhas lena mbaineann an t-iarratas, nó tadhlaigh léi nó leis nó ina comharsanacht/chomharsanacht.
22,4,b,i	Ráiteas faoin úsáid láithreach agus faoin úsáid atá beartaithe, mar aon le sonraí faoi chineál agus faoi mhéid na húsáide atá beartaithe
22,4,b,ii	I gcás ina mbaineann an fhorbairt le hoibreacha a dhéanamh ar dhéanmhais nó ar thalamh, nó i ndéanmhais nó i dtalamh, nó faoi dhéanmhais nó faoi thalamh, 6 chóip de cibé pleananna agus de cibé sonraí eile is gá chun na hoibreacha atá beartaithe a thuairisciú – (féach na ceanglais thuas i ndáil le cead)

Iarratais i ndáil le Tarchur Leictreachais

Airteagal	
22.2,b	6 chóip den léarscáil de shuíomh an láithreáin
22.2,b	An leor méid na léarscáile (is dóigh go mbeidh A3 ag teastáil i gcás ceantar tuaithe) agus an bhfuil mionsonraí ann faoi ghnéithe atá ann sa chomharsanacht?
22.2,b	An bhfuil an scála ceart – ar a laghad, 1:1000 do cheantar uirbeacha, 1:2500 do cheantair thuaithe , nó <u>scála atá comhaontaithe</u> leis an Údarás Pleanála?
22.2,b	An bhfuil dath curtha ar an teorainn – i.e. bealach na líne?
23,1,h & 25,3,b	Pointe thuaidh ar an léarscáil den suíomh
23,1,g,b	Má tá an léarscáil bunaithe ar leathán Suirbhéireachta Ordanáis, uimhir leatháin iomchuí na Suirbhéireachta Ordanáis Tabhair an méid seo a leanas do d'aire, le do thoil, de réir mar atá leagtha amach i gCiorclán PD 8/2002 ón Roinn Comhshaoil, arna eisiúint ar an 16 Bealtaine 2002:- Tá sé curtha in iúl ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann go gceanglaítear, i gcomhréir le dlíthe cóipchirt iomchuí, nach ndéanfaidh údarás pleanála ábhar cóipchirt de chuid Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann agus Rialtas na hÉireann a ghlacadh isteach i dtaifid phoiblí mura rud é gur leagan bunaidh nó cóip de leagan bunaidh é an t-ábhar sin agus é marcáilte go soiléir ar mhodh ina dtaispeántar uimhir cheadúnais cóipchirt.
25,2	6 chóip de phleananna nó de líníochtaí tíolactha
25,2	Líníochtaí de réir scála nach lú ná 1:100
25,2	Tá gá le líníochtaí de réir caighdeáin chun foirm an déanmhais nó an fhearais a bheidh ann mar thaca do na línte a thuairisciú.